Ar fáil **saor in aisce** sna trí paróistí: **Na Rosa • Gaoth Dobhair • Cloich Cheann Fhaola**

**SAOR IN AISCE** sna trí paróistí

# Goitse

Uimhir 5
Samhain 2010

**CÓIPEANNA DEN DLÚTHDHIOSCA ÚR GUAILLIBH A' CHÉILE LE DOIMNIC MAC GIOLLA BHRÍDE & GRIOGAIR LABHRUIDH LE BAINT!**



# Is leatsa an rogha

Tá lá mór cinniúna romhainn Déardaoin na seachtaine seo nuair a roghnaíonn muid Teachta Dála sa toghcheantar seo.

Is fada an lá muid ag fanacht ar an deis. Tá sé i bhfad ró-fhada ó bhí an líon ceart teachtaí sa Dáil againn agus Déardaoin beidh cead againn an neamart sin a cheartú.

De réir na dtuairiscí tá an rása idir Piaras Ó Dochartaigh as Sinn Féin agus Brian Ó Dochartaigh as Fianna Fáil, an bheirt acu as an cheantar seo.

Ach ní féidir duine ar bith a chur as an áireamh sa toghchán seo.

Tá stocaireacht láidir á dhéanamh ag na hiomaitheoirí ó Pháirtí an Lucht Oibre agus Fine Gael chomh maith agus rinne na hiomaitheoirí neamhspleácha éachta bolscaireachta ar an teilifís agus ar an raidió.

Bhí siad réchúiseach nuair a bhí na hiomaitheoirí eile ag béicfigh ar a chéile.

Ar ndóigh, tá súile na tíre ar an toghchán agus tá cuid mhór ag brath ar an toradh.

Má éiríonn le Brian Ó Domhnaill baint, tá sé geallta aige go gcaithfidh sé a vóta leis an rialtas ar lá na cáinaisnéise agus deir na hiomaitheoirí uilig eile nach dtabharfaidh siad tacaíocht don rialtas ar chor ar bith agus go ndéanfaidh siad a ndícheall olltoghchán a bhrú orthu.

Le tromlach iontach beag ag an rialtas agus cuid de bhaill Fianna Fáil míshásta leis an treo ina bhfuil an páirtí ag dul, ní raibh an rialtas ag iarraidh an toghcháin seo ar chor ar bith agus sin an fáth go mbíonn an oiread polaiteoirí sinsearacha as gach páirtí le feiceáil ag croitheadh lámha le stráinséirí ar shráideanna an toghcheantair seo ó fógraíodh dáta an toghcháin.

Anois go háirithe, nuair atá an chuma air go bhfuil smacht caillte againn mar náisiún ar chúrsaí airgeadais, tá cuid mhór daoine ag rá go bhfuil olltoghchán de dhith ar an tír.

Dúradh go minic roimhe seo go bhfuil dualgas orainn mar shaoránaigh vótáil sna toghcháin ach anois, nuair atá géarchéim cheart sa tír, tá an dualgas sin iontach soiléir.

Má aontaíonn tú leis an treo ina bhfuil an rialtas ag dul, caithfidh tú do vóta le hiomaitheoir an rialtais agus má chreideann tú go bhfuil botúin bhunúsacha déanta ag an rialtas agus nach dtuigeann siad an cruachás ina bhfuil muid mar phiobal, caithfidh tú do vóta le duine de na hiomaitheoirí atá ag iarraidh deireadh a chur leis an rialtas.

Tá sé chomh simplí sin.

**Suirbhé Fhothoghchán Dhún na nGall Thiar Theas ar leathanaigh 6-7**




## ISTIGH




4: T with the Maggies



12: Focla Mhicí



9: Tá Bréag ag teacht




4: T-léinte Rónán Beo le baint istigh



11: Blag na mBuataisí



5: Buaiteoirí áitiúla an Oireachtais








***Doirn san Aer!*** *Na spéirmhná Ríanna Ní Dhireáin, Niamh Ní Chearúil agus Róise Nic Corraidh sa stiúideo le Rónán Mac Aodha Bhuí. Tá na girseachaí ghalánta ag déanamh mainicíneacht ar an t-léine úr atá eisithe ag clár Rónán Beo. Tá deis ag ár léitheoirí a léinte féin a bhaint le Goitse.* Féach lch 14



# Ceardlann Óige na Gaeltachta in Áislann Rann na Feirste

Bhí slua mór de baill na gClubanna Óige í láthair í Aislann Rann a Feirste, ag an deireadh seachtaine seo caite. Rinne Club Óige Rann a Feirste, Club Óige Dhobhar, Club Óige Chríost Rí (Gort an Choirce), Club Óige Chnoc Fola, agus Club Óige Naomh Mhuire na Doirí Beaga, freastal a dhéanamh ar na trí cheardlann a bhí eagraithe ag óg-sheirbhís Óige na Gaeltachta.

Thosaigh an lá ar 10.00r.n. go dtí 2.30i.n. agus chlúdaigh na ceardlanna - Spóirt le Beartla ó Flatharta as Conamara Contae na Gaillimhe, Draíodóir, le Dara de Paor as Átha Cliath , agus Damhsa Sráide le Tura Arutura as Cathair Bhéal Feirste. Rinne na Clubanna Óige uilig meascadh maith ar an lá agus chuir said aithne mhaith ar a chéile.

Tá buíochas mór tuillte ag Club Óige Rann a Feirste a rinne ullmhúchán mór don lá agus an fáilte a cuireadh roimh na Clubanna Óige. Bá é seo an dara bliain togra mar seo bheith eagraithe ag Óige na Gaeltachta.

John Shéamais Ó Fearraigh, Oifigeach Forbartha Thír Chonaill, a bhí mar comhordanáid ar an togra .




Ag obair ar son phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge

Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair,
Doirí Beaga
**Co. Dhún na nGall**
Teil: (074) 9560100
Facs: (074) 9560101


e: eolas@udaras.ie

w: www.udaras.ie

NDP
PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA

Údarás na Gaeltachta

FIONN




An Bradán Feasa
ISBN 978-0-898332-42-1 €7.50

Dóiteoir na Samhna
ISBN 978-0-898332-43-8 €7.50

LEABHAR BREAC

Ar fáil ó:
LEABHAR BREAC
Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-593592
eolas@breacan.ie

www.fionn.ie

## Léitheoireacht do na páistí…

le Máire Ní Ghallchobhair




Ar fáil ó:
LEABHAR BREAC
Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-593592

LEABHAR BREAC

www.leabharbreac.com

# Más mall féin is mithid. . .

*Tús curtha le hobair athnuachana ar scoileanna náisiúnta an Bhun Bhig agus an Luinnigh*



*An tAthair Brian Ó Fearraigh, Cathaoirleach Bhord Bhainistíochta Scoil Chonaill, An Bun Beag, ag síniú conartha don obair thógála.*

Fuair dhá scoil i bParóiste Ghaoth Dobhair deá-séala le goirid.

I ndiaidh 14 bliain ag fanacht ar dheontas ó Roinn an Oideachais, fuair Scoil Chonaill scéala ar na mallaibh go raibh cead acu obair a dhéanamh ar an fhoirgneamh a bhéarfdh suas chuig an chaighdeán ceart atá leagtha síos ag an Roinn.

Tá siad anois bogtha amach as an fhoirgneamh go dtí Ard-Scoil Mhuire, Machaire Chlochair agus tá, McCann Bros as an Ómaigh, na conraitheoirí ar an scéim, ag obair ar an chóras leictreachais agus ar obair eile tógála.


Mhol an tAth. Brian Ó Fearraigh an obair a bhí déanta thar na blianta ag tuismitheoirí agus ag an phobal níos leithne.

Chomh maith leis sin, fógraíodh fosta go mbeadh infheistíocht breise de €130,000 á dhéanamh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i Scoil Adhamhnáin ar an Luinnigh. Beidh deis anois ag Bord Bainistíochta na scoile thabhairt faoi athnuachán iomlán a dhéanamh ar chóras leictreachas na scoile, chomh maith le athnuachan a dhéanamh ar an droch dheisriocht atá ar dhoirse agus ar fhuinneoga na scoile, ionas go mbeidh siad ag teacht le treoirlínte sábháilteachta na Roinne.

Bhí Searmanas ardú an bhrait ghlais ag an scoil an tseachtain seo a chuaigh thart fosta ar an lá a fógraíodh an deontas faoi Scéim Oibreacha Éigeandála de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Duirt urlabhraí do Choiste na Scoile go raibh sé millteanach tábhachtach agus riachtanach do thodhchaí sláinte agus sábháilteachta na scoile agus go gciallaíonn sé anois go mbeidh bord bainistíochta na scoile ábalta tabhairt faoina gcuid spriocanna a thabhairt chun críche agus scoil níos sábháilte a chruthú do fhoireann agus daltaí na scoile agus do na gluntaí aos óg a thiocfaidh ina ndiaidh.

Fograíodh fosta le goirid go raibh maoiniú á chur ar fáil le seomraí breise a chur ar fáil i bPobalscoil Ghaoth Dobhair. Féach an t-alt ar an leathanach cúil fá choinne níos mó eolais air seo.







## COMÓRTAS GUAILLIBH A' CHÉILE

Tá deis ag ár léitheoirí dlúthdhiosca úr le
**DOIMNIC MAC GIOLLA BHRÍDE & GRIOGAIR LABHRUIDH**
a bhaint.
Níl le déanamh ach ríomhphost le d'ainm agus seoladh a chur chuig **goitsenuacht@gmail.com** le go gcuirfidh d'ainm san áireamh sa chomórtas!



EAGARFHOCAL

# Athrú bunúsach meoin de dhith orainn

Nach aisteach an rud an saol?

Nuair a d'fhoilsigh muid an chéad eagrán de *Goitse* i mí Aibreáin den bhliain seo, ba é an scéal mór ar an chéad leathanach ná "Cá bhfuil ár dTeachta Dála?" agus bhi muid ag iarraidh fáil amach cá huair a bheadh fo-thoghchán ann.

Tá sé anois seacht mí níos moille agus, fá dheireadh thiar thall tá fo-thoghchán againn.

Dar leis an rialtas go bhfuil sin maith go leor, go bhfuil an dualgas daonlathach comhlíonta acu anois agus go leanfaidh siad ar aghaidh sa treo ina raibh siad ag dul.

Ach an bhfuil sin fíor?

Cad chuige arbh éigean do Phearse Doherty dul chun na cúirte le fo-thoghchán a bheith againn?

Caidé a deir sin faoin mheas atá ag an rialtas orainne, saoránaigh an stáit, na daoine a bheas ag díol as na peacaí a rinne an stát agus na bainc?

Déanta na fírinne, níl ansin ach an tús.

Tá sé de dhánacht ag an rialtas seo fo-thoghchán a "cheadú" sa toghcheantar seo ach níl cead ag muintir Bhaile Átha Cliath Theas nó Port Láirge vótáil ar son Teachta Dála i dtoghcheantar s'acu.

Tá a fhios againn uilig cad chuige, ach deir an rialtas go bhfuil siad ró-ghnoitheach ag cóiriú an chóras eacnamaíochta le bheith ag taisteal na tíre le vótóirí a mhealladh.

Agus nach iontach an jab atá déanta acu!

Tá siad chomh maith sin ag cóiriú an chórais go bhfuil an tAontas Eorpach agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta ag teacht isteach le muid a tharrtháil, má chreideann tú iad.

I ndáiríre, beidh siad ag tabhairt iasacht na mbilliún Euro don rialtas agus beidh an rialtas ag pronnadh sin ar Bhanc na hÉireann agus ar Bhanc Aontas Éireann le iad a choinneáil ag gabháil.

Beidh custaiméirí an dá bhanc sin iontach sásta nuair a ardaíonn siad an ráta morgáiste am inteacht ar an bhliain seo chugainn le déanamh cinnte go bhfuil siad ábalta brabach a dhéanamh.

> "Tá rialtas nach bhfuil ach tromlach triúir acu ag leagan amach plean cheithre bhliana agus níl eolas ar bith againne air. Tá a fhios ag an Aontas Eorpach caidé atá ann. Tá a fhios ag an IMF caidé atá ann agus, de réir cosúlachta, tá a fhios ag rialtas Shasana caidé atá ann."

Arís, beidh muidne ag íoc as laigeachtaí an chórais.

Fá láthair, tá fearg ar dhaoine. Tá na cláracha raidió lán feirge, daoine ag glaoch isteach chuig leithéidí Joe Duffy agus Shaun Doherty ag tabhairt amach faoin rialtas, ag rá go bhfuil siad "as teagmháil" leis an phobal agus nach bhfuil siad ag éisteacht linn.

Bhal, tá faill againne sa toghcheantar seo labhairt amach go láidir agus inse don rialtas nach bhfuil cothrom na Féinne á thabhairt do mhuintir na hÉireann.

Ó thoisigh an cúlú airgid seo, dúradh linn go gcaithfí an pian a rannadh, cé go raibh sé soiléir go raibh élite ann a thug iasachtaí gan chéill do na bainc gan chéill agus nach raibh siadsan ag dul a fhulaingt ar chor ar bith.

Níor cuireadh ceist ar an tír ar aontaigh siad leis an chéim thubaisteach seo. Chuaigh siad ar aghaidh leis an ráthaíocht do na bainc agus tá muidne thíos leis ó shin.

Arís, tá rialtas nach bhfuil ach tromlach triúir acu ag leagan amach plean cheithre bhliana agus níl eolas ar bith againne air.

Tá a fhios ag an Aontas Eorpach caidé atá ann. Tá a fhios ag an IMF caidé atá ann agus, de réir cosúlachta, tá a fhios ag rialtas Shasana caidé atá ann.

Ach ní bhfaighfidh muidne amach fá dtaobh de go dtí go bhfuil an rialtas réidh le hinse dúinn.

Níl a fhios againn caidé atá ansin, ach ní daonlathas é.

Tá feachtas ag gabháil ar aghaidh sa cheantar seo le bliain go leith nó mar sin le stop a chur le ciorruithe a bhí beartaithe ag an rialtas ó thaobh mhaoiniú na Gaeilge de.

Go dtí pointe, tá ag éirí leis agus tá gealltanaisí faighte ag Guth na Gaeltachta agus ag eagraíochtaí eile go leanfar le maoiniú ar eagraíochtaí éagsúla Gaeilge.

Caidé an seans go dtarlóidh sé sin nuair atá an IMF i gceannas ar an bhuiséad?

Tá cinneadh le déanamh ag gach fear agus gach bean sa toghcheantar agus ag daoine áirithe beidh sé deacair an cinneadh sin a dhéanamh.

Tuigimid go bhfuil dáimh agus dílseacht iontach ag cuid mhaith de dhaonra an toghcheantair seo do Fianna Fáil ach, ar son na tíre agus ar mhaithe leis na glúnta nach bhfuil vóta acu, caithfidh muid deireadh a chur leis an rialtas seo.

Níl dabht ar bith faoi ach go bhfuil prachás ceart déanta den gheilleagar agus go mbeidh garpháistí na ndaoine is óige a chaitheann vóta Déardaoin seo chugainn ag íoc as neamart na mboc i dTeach Laighean.

Ní seo an chéad uair a bhí ar mhuintir na hÉireann nasc a bhriseadh le páirtí polaitíochta a raibh dáimh agus dílseacht acu dó.

Tharla sé sa bhliain 1918 nuair a bhí sé soiléir nach raibh tuigbheáil ar bith ag Páirtí Pairlimint-each na hÉireann ar caidé a bhí ag tarlú sa tír agus vótáil pobal na hÉireann amach iad agus chuir siad leithéidí de Valera isteach ina n-áit.

Sílimid go bhfuil muid ag an phointe sin arís.

Tá go leor dochair déanta.

Bainimís triail as rud inteacht eile.

Níl muidne ag dul moladh ar bith a thabhairt ar cé leis a ba chóir do dhaoine vótáil ach tá athrú bunúsach meoin de dhith sa tír má tá muid le fáil amach as an ghéarchéim seo.

Tá rialtas lag againn a ligeann don élite seo a rogha rud a dhéanamh lenár maoin.

Bímís láidir agus beidh linn.

goitsenuacht@gmail.com

## *T with the Maggies*

Ní stráinséirí ar bith iad Máiréad Ní Mhaonaigh, Maighréad Ní Dhomhnaill, Tríona Ní Dhomhnaill ná Máire Ní Bhraonáin sa taobh seo tíre.

Níl le déanamh agat ach liosta de na grúpaí is clúití ceoil traidisiúnta a chur le chéile agus níl amhras ar bith ann ach go mbeadh Skara Brae, Altan, Clannad agus The Bothy Band ar bharr an liosta agus bhí na mná seo páirteach in achan ghrúpa acu.

Anois tá siad le chéile leis an ghrúpa T with the Maggies agus dlúthdhiosca eisithe acu.

Bhí láinseáil acu i dTábhairne Leo ag tús na míosa agus roimhe sin ag Amharclann Balor i mBealach Féich agus bhí siad le feiceáil ar an Late Late Show ar RTÉ.

Beidh siad le feiceáil beo sa cheantar seo in Ionad Chois Locha ar an 2ú lá de mhí Eanáir mar chuid de Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy.

Roimhe sin, beidh siad le feiceáil ar an teilifís arís ar 27 Nollaig ar chlár a taifeadadh i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha ar na mallaibh.



*T with the Maggies: Mairéad Ní Mhaonaigh, Tríona Ní Dhomhnaill, Mairéad Ní Dhomhnaill agus Máire Ní Bhraonáin*


# *Buaiteoirí áitiúla ag Oireachtais na Samhna*



*Pól Ó Gallchóir, Doirí Beaga, a bhuaigh Corn Cuimhneacháin Amhránaithe Sean-Nóis Mhúscraí dá amhránaíocht ar an sean-nós ag féile Oireachtas na Samhna san INEC i gCill Áirne.* Grianghraf: Clive Wasson




*Clodagh Ní Ghallchóir ó Ghaoth Dobhair, a fuair duais sa chomórtas amhránaíocht ar an sean-nós Faoi12 ag Oireachtas na Samhna lena máthar Suzanne Uí Ghallchóir a bhuaigh an comórtas amhránaíocht ar an sean-nós do dhaoine os cionn 35.* Grianghraf: Clive Wasson



*Joseph, Hugh Anthony agus Selina Mhic Shuibhne ó Rann na Feirste, a bhain duaiseanna dá scéalaíocht ag Oireachtas na Samhna i gCill Áirne. Bhain Clann Mhic Suibhne 5 chinn de dhuaiseanna eatarthu ag Oireachtas na blaina seo.* Grianghraf: Clive Wasson



*Caitlín Ní Chochláin, Cathaoirleach Oireachtas na Gaeilge ag bronnadh duais amhránaíochta ar Bhrian Ó Domhnaill as Anagaire a fuair an dara háit amach i gComórtas na bhFear ag Oireachtas na Samhna i gCill Áirne.* Grianghraf: Clive Wasson



# Fothoghchán Dhún na nGall Thiar Theas




**Nuair a fógraíodh an fo-thoghchán, chinn muid ar ceistiúchán a chur thart ar na hiomaitheoirí le cur in iúl dár léitheoirí caidé na polasaithe a bhí acu ar réimse ábhar. Fuair muid freagra ar an cheistiúchán ó chúigear de na hiomaitheoirí,**
**Ní bhfuair muid freagra riamh ó iomaitheoir Fine Gael, an Comhairleoir Barry O'Neill, cé go dtearna muid iarrachtaí dul I dteagmháil leis. Labhair muid leis an duine a bhí ag láimhseáil a chuid preasráitisí agus sheol muid ríomhphoist chuig an seoladh a tugadh dúinn ach cha dtáinig na freagraí.**
**Mar sin de, níl muid ábalta an tseirbhís chuimsitheach a raibh muid ag dréim leis a thabhairt daoibh.**
**Ach seo agaibh na freagraí a fuair muid.**
**Tá sé libhse anois caidé mar a chaitheann sibh bhur vóta.**

*Ceist 1*

## Caidé a dhéanfá chun fostaíocht a chruthú go háitiúil?

**Pearse Doherty**
Tá moltaí láidre curtha chun cinn ag Sinn Féin chun fostaíocht a chruthú agus a choinneáil sa cheantair seo agus ar fud an stáit. Ina measc tá clár spreagtha de €7 billiún chun poist a chruthú, chun infheistíocht a dhíriú ar cheantair atá faoi mhíbhuntáiste cosúil le Dún na nGall agus ciste fiontair tuaithe chun cuidiú le gnóthaí nua. Tá muid fosta ag iarraidh úsáid a bhaint as na 60 aonad folamha de chuid Údarás na Gaeltachta i nDún na nGall agus iad a chur ar fáil saor ó chíos ar feadh an chéad bhliain do dhaoine a bhfuil plean gnó inmharthana acu. Níl anseo ach cuid d'ár moltaí, tá go leor eile againn; mar shampla, tacaíocht airgeadúil níos airde do chomharchumainn, infheistíocht i bhfostaíocht pobail agus bunadh ciste sonrach do phoist don óige.

**Frank McBrearty**
Tá neamart déanta ar Dhún na nGall ar feadh I bhfad ró-fhada. Tá 21,500 duine as obair sa chontae. Lig an rialtas seo an pobal síos. Tá na mílte ag fágáil na tíre in aghaidh na seachtaine. An t-aon dóigh le fostaíocht a chruthú go háitiúil ná an t-atmaisféar ceart a chruthú don fhás eacnamaíoch. Ní bheidh sin furasta. Glacfaidh sé am agus obair chrua le sin a bhaint amach. Ach is féidir é a dhéanamh. Tá Páirtí an Lucht Oibre tiomanta do pobail áitiúla a fhorbairt fríd gnónna atá ann anois a chaomhnú agus gnónna úra a chruthú. Caithfear creidmheas a chur ar fáil arís do ghnónna beaga fríd Banc Infheistíochta Straitéiseach. Tá muid tiomanta fosta do Chlár Céimithe agus Printíseach, cur leis an Chlár Socrúcháin Oibre agus poist "Ghlasa" a chur ar bhun inmharthana.

**Brian Ó Domhnaill**
Dheimhnigh Éamon Ó Cuív, an tAire um Chosaint Shóisialta, le déanaí go mbeidh 1,000 post á chruthú i measc an phobail i gContae Dhún na nGall le linn na 18 mí seo chugainn. Cuirim fáilte roimh an scéala seo agus, go deimhin is rud é a bhí mé ag iarraidh ar feadh i bhfad. D'oibrigh mé go crua taobh istigh den Páirtí Parlaiminteach le chlár náisiúnta intéirneacht iarchéime do suas le 20,000 céimithe a chur i bhfeidhm. Tá tacaíocht fhorleathan faighte cheana féin ag mo thogra ó mo chomhghleacaithe pháirtí, agus tá áthas orm a rá go bhfuil an tAire Oideachais agus Scileanna Máire Ní Chochláin ag fiosrú clár intéirneachta faoi láthair. Tugaim tacaíocht do Údarás na Gaeltachta a dhualgas fiontraíochta a choinneáil faoi straitéis 20 bliain don Ghaeilge. Beidh mé ag obair fríd an Údarás le go gcosnófaí os cionn 2000 post agus beagnach 500 gnó sa chontae agus ag maíomh ról leathnaithe don Údarás chun níos mó post a thabhairt chuig an chontae. Tugaim tacaíocht fosta maoiniú a choinneáil do phobail na Gaeilge agus na Gaeltachta atá chomh tábhachtach don gheilleagar áitiúil.

**Thomas Pringle**
Tá roinnt polasaithe agam agus, dá mba rud é go gcuirfí i bhfeidhm iad, chuideódh siad le cothabháil ag fás fostaíochta i nDún na nGall.
Is féidir ár dtionscal iascaireachta a athnuachan agus bheith ina ábhar fostaíochta arís. Ach ní tharlóidh sé sin muna dtéann muid go dtí an Eoraip agus an troid a dhéanamh, rud nach bhfuil an rialtas á dhéanamh. Beidh mé mar chuid de thoscaireacht ag cruinniú leis an Coimisiún go luath i mí na Nollag le stocaireachta a déanamh ar an athbhreithniú ar an CBI.
Is féidir leis Na Cealla Beaga agus Dún na nGall a bheith ag croílár fhorbairt na gaoithe amach ón gcósta agus cumhacht na dtonn. Cheana féin, tá pleananna ag LYIT túr oiliúna a thógáil don earnáil gaoithe ar an champas ar na Cealla Beaga agus na cúrsaí a fhorbairt maidir le cothabháil na tuirbíní.
Tá acmhainn ollmhór bithmhaise (biomass) i nDún na nGall. Fástar cúig oiread crann ná atá de dhíobháil orainn leis an contae uilig a théamh. Bheadh tionscal nua ann ag forbairt adhmaid mar bhreosla atá inbhuanaithe agus dúchasach agus bheadh allmhairiú de € 2 billiún d'ola téimh bhaile.

**Ann Sweeney**
Ionad taighde agus nuálaíochta feirme a chur ar bun le tacú le táirgeadh feirme.
Deireadh a chur le Comhaontú Pháirc an Chrócaigh agus Quangoes
Gluaiseacht Comhar Creidmheasa níos láidre a fhorbairt.

*Ceist 2*

## Caidé do pholasaí don Ghaeilge sa toghcheantar seo?

**Pearse Doherty**
Tá Sinn Féin díograiseach faoi chuir chun cinn agus faoi úsáid na Gaeilge. Creideann muid go bhfuil fíor-bheagán déanta ag an rialtas faoi chuir chun cinn ár dteanga dhúchais. Leoga, is é a mhalairt atá fíor. Mar shampla, ionsaí ar an 'luath-thumoideachas' agus na ciorruithe ar íocaíochtaí do Mhná Tí faoi scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge. Creideann muidinne gur chóir cur chuige dearfach a bheith ann chun cosaint agus cur chun cinn na Gaeilge. Creidimid nár cheart níos mo ciorruithe a dhéanamh mar go ndéanfaidh siad lagú agus laghdú ar ár dteanga atá lárnach in ár stair agus in ár bhféiniúlacht náisiúnta agus dhomhanda. Leanfaidh mise ar aghaidh ag obair chun feabhsú agus chun cur i gcrích na straitéise 20 bliain.
Mar bhall den Choiste Oireachtais, rinne muid go leor aighneachtaí chun an stráitéis a láidriú agus is gá don rialtas iad a chur i bhfeidhm anois. Tugann an Stráitéis 20 Bliain don Ghaeilge deis iontach dúinn chun a chinntiú go mairfidh ár dteanga beo agus láidir agus go mbeidh ráth uirthi sna glúnta atá le theacht. Ní thig linn ligint don rialtas an deis seo a chur amú.

# Fothoghchán Dhún na nGall Thiar Theas

**Frank McBrearty**
Is é an seasamh atá ag Páirtí an Lucht Oibre ná go mbraitheann muid sular féidir aon dul chun cinn a dhéanamh ar athbheochan na Gaeilge, mar chuid de straitéis na 20 bliana, nach mór dúinn meastachán ceart a dhéanamh ar na cláir uilig atá i bhfeidhm cheana féin. Dúirt urlabhraí an Pháirtí, Brian O'Shea gur gá dúinn fáil amach cé h-iad na cláir oibre atá ag oibriú agus cá h-iad na cinn nach bhfuil. Ní mór dúinn roinnt athruithe tromchúiseacha a dhéanamh má táimid chun an cuspóir 250,000 duine ag úsáid na teanga ar bhonn laethúil a bhaint amach. Faoi láthair, níl sé ag obair.

**Brian Ó Domhnaill**
Caithfidh muid cinntiú go bhfuil maoiniú á choinneáil le tacú leis an Ghaeilge agus leis an Ghaeltacht. Níl sé seo go simplí faoinár gcultúr a chaomhnú amháin ach fosta faoin geilleagar áitiúil agus poist a choinneáil. Is é Fianna Fáil an t-aon pháirtí amháin a bhfuil polasaí soiléir, cuimsitheach, acu maidir leis an Ghaeltacht agus an Ghaeilge. An tseachtain seo a chuaigh thart, cheadaigh Coiste an Rialtais ar an Ghaeilge an dréacht-Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge. Ciallaíonn an cinneadh sin go mbeidh straitéis chuimsitheach agus uaillmhianach nua don Ghaeltacht agus donn Ghaeilge againn faoi dheireadh na bliana agus sin scéal iontach do Dhún na nGall Thiar Theas. Cuirfidh an straitéis seo cur chuige úr maidir le cur chun cinn na teanga agus d'fhorbairt chultúrtha, eacnamaíoch agus shóisialta na Gaeltachta. Tacaím go hiomlán leis an Ghaeilge a choinneáil mar ábhar riachtanach ag leibhéal na hArdteistiméireachta.

Ba mhaith liom an Ghaeltacht a fheiceáil neartaithe mar phobal labhartha Gaeilge agus líon na dteaghlach ina gcónaí taobh istigh den Stát a bhfuil an Ghaeilge mar theanga laethúil cumarsáide a mhéadú.

**Thomas Pringle**
Creidim go bhfuil an Ghaeilge lárnach dár bpobal agus tá sé ar cheann de na heochracha ar ár bhféiniúlacht. Caithfidh muid maoiniú a fháil d'fhorbairt ár bpobal Gaeltachta agus féachaint chuige go bhfaigheann na Gaelscoileanna in áiteacha eile sa chontae tacaíocht agus forbairt.


**Ann Sweeney**
Tá an Gaeilge agus a cur chun cinn ar cheann de na sócmhainní cultúrtha an chontae.

Bhí áiseanna den scoth ar Árainn Mhór agus in Anagaire in úsáid ag mo chlann.

Chuirfinn Turasóireacht "Eco" i bhfeidhm, bunaithe ar chultúr agus dúchas an réigiúin.

Creidim go bhfuil gá dúinn go mbeadh an Ghaeilge ina saothair grá seachas sna scoileanna seachas ina ábhar éigeantach.

Creidim go bhfuil sí mar chuid dár n-oidhreacht agus dár ndúchas agus go gcaithfear í a choinneáil beo agus a chothú.


Pearse Doherty


Frank McBrearty


Brian Ó Domhnaill


Thomas Pringle


Barry O'Neill


Ann Sweeney

*Ceist 3*

## Caidé a dhéanfaidh tusa le cuidiú leis an phobal san am crua atá amach romhainn?

**Pearse Doherty**
Dhéanfaidh Sinn Féin gach rud is féidir chun cuidiú leis an phobal agus tá sé léirithe againn cheana féin go bhfuil dóigh níos fearr ann. Tá plean mionchruinn agus iomlán costáilte againn chun tarrtháil a thabhairt ar an eacnamaíocht. Cosnóidh ár bplean na gnáth-dhaoine agus seirbhísí poiblí mar Sláinte agus cuirfidh sé fás faoin eacnamaíocht arís. Déanfaimid sábháil trí caiteachas a ghearradh agus cosc ar chur amú airgid, mar shampla, tuarastail na nAirí agus na dTeachtaí Dála a ghearradh agus teorainn de €100,000 ar phá san earnáil phoiblí. Tá sé léirithe againn fosta gur féidir €4 billiún a shábháil trí córas cánach níos cothroime á dhíriú ar lucht an tsaibhris a bhfuil sé ar a gcumas níos mó a íoc.

**Frank McBrearty**
Tá muid i ndroch-staid airgeadais. Tá muid ar tí a fóirithinte amach ag an IMF/BCE. Ní áit dheas sin le bheith, I ndiaidh níos lú ná 100 bliain de neamhspleáchas. Ach beidh mé I mo ghuth láidir i rith an drochama, ag déanamh iondadíochta ar son na ngnáthdhaoine agus ag cinntiú nach bhfuil dearmad déanta orthu i nDáil Éireann. Cosnóidh mé ár seirbhísí sláinte sa réigiún, todhchaí ár bpáistí a chosaint san oideachas agus poist riachtanacha agus infheistíocht a thabhairt do gach earnáil i nDún na nGall Thiar Theas. Tá ionadaithe poiblí a bheidh i tiubha an catha de dhith ar Dhún na nGall. Tá a fhios ag achan duine go mbeidh Eamon Gilmore mar chuid den chéad Rialtais eile agus ba mhaith liom a bheith ann leis, mar chuid dá fhoireann, le dul chun cinn a chinntiú do Dhún na nGall Thiar Theas. Troidfidh mé go dtí an deireadh agus gheibh mé rudaí déanta do dhaoine. Ó toghadh mé do Chomhairle Contae Dhún na nGall sa bhliain 2009 do cheantar Srath an Urláir, tá na gnáthdhaoine sa dáilcheantar ag feiceáil caidé mar a sheasaim suas dóibh ar bhealach nach bhfuil aon pholaiteoir eile á dhéanamh sa chontae.

**Brian Ó Domhnaill**
Is iad pobail Dhún na nGall cuid de na buanna is mó atá againn. Caithfidh an Rialtais aitheantas a thabhairt dóibh agus tacaíocht a thabhairt do na grúpaí a chuireann go dearfach leis na pobail sin.

Tá cosaint tithe teaghlaigh iontach tábhachtach do Fianna Fáil. Táimid ag cuidiú cheana féin beagnach 18,000 teaghlach go díreach trí Forlíonadh Úis Morgáiste. Táimid I ndiaidh Faoiseamh Ús Morgáiste a athdhíriú chun cuidiú leo siúd a cheannaigh a gcuid tithe ag an bhuaic ar an margadh. Cuirfear bearta breise a fógraíodh an tseachtain seo a chuaigh thart i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana. Ina measc tá Scéim Úis iarchurtha do iasachtaithe a thabharfadh deis do dhaoine 5 bliana a fháil ar ais ar a gcosa.

Déanfaimid ár ndícheall chun a chinntiú gur féidir teacht ar chreidmheas a fháil do ghnólachtaí áitiúla. Thuairiscigh Oifig an tAthbhreithniú Creidmheasa, (CRO) a bunaíodh I mí Márta na bliana seo, an tseachtain seo a chuaigh thart go bhfuil níos mó iasachtaí á dtabhairt do ghnólachtaí beaga ag an dá bhanc is mó sa tír. Tá sé thar a bheith tábhachtach go leanaimid orainn ag déanamh gach rud is féidir linn feabhas a chur ar rochtain ar creidmheasa.

**Thomas Pringle**
Tá am iontach crua romhainn. Caithfidh muid troid in aghaidh ciorruithe a bheas brúite orainn ón rialtas agus leithéidí an IMF. Tá muid níos fearr as má tá muid ábalta seasamh ar ár mbonnaí féin in áit muid féin a fhágáil ag an trócaire ar an IMF. Ní dhéanfaidh polasaithe ciorruithe an rialtais maitheas ar bith do theaghlaigh atá ag fulaingt cheana féin.

**Ann Sweeney**
- Fóirdheontais morgáiste, léas ar ais úinéireacht i bpáirt agus do chónaitheoirí tithe a bhfuil deacrachtaí aige
- Daoine aosta
- Bónas na Nollag a thabhairt isteach arís
- Mic léinn
- Oideachas saor in aisce agus gan aon táillí le híoc
- Liúntas comhionann leis an dole a fháil
- "Cap" ar phraghsanna lóistín champas ollscoile

*Ceist 4*

## Caidé ba mhaith leat a fheiceáil sa bhuiséad i mí na Nollag?

**Pearse Doherty**
An rud is mó a ba mhaith liom a fheiceáil ná buiséad an rialtais atá bunaithe ar chiorruithe de luach €6 billiún a bheith caite sa bhosca bruscair. Má thoghtar mé sa toghchán seo, is cinnte nach mbeidh mé ag vótáil ar son an bhuiséid fiánta seo. Tá mise ag iarraidh buiséad úr – buiséad forásach a léireoidh cuid roghanna réadúla Shinn Féin.

**Frank McBrearty**
Ar an drochuair, ní bheidh ár gcuid smaointe agus polasaithe mar chuid de bhuiséad an Rialtais seo. Beidh plean s'acu ciorruithe €6bn a chur orainn iontach tubaisteach agus cuirfidh sé deireadh le fás sa bhliain 2011. Go bunúsach, i mbuiséad na Nollag, ba mhaith linn cothromaíocht agus comhionannas a fheiceáil. Ba mhaith linn béim a fheiceáil ar pholasaithe a cruthóidh poist agus banc infheistíochta straitéiseach a chur ar bun agus airgead a fháil arís ag ghnónna bheaga agus mheánmhéide, cuisle na bpobal áitiúla. Bhí Páirtí an Lucht Oibre go láidir in éadan gearradh leasa shóisialaigh sa bhuiséad seo caite. Beidh muid ag cur in aghaidh aon laghdú i rátaí leasa bunúsacha sóisialta sa bhuiséad se fosta, chomh maith le haon bhearta eile a ghearrfaidh pionós go héagórach orthu siúd atá ar ioncam íseal. Creidimid gur féidir leis an coigeartú airgeadais a bheidh ag teastáil sa bhuiséad a bhaint amach gan cur isteach ar shaol na cosmhuintire, mar a bheas le feiceáil sa doiciméad a bheas muid ag foilsiú roimh an 7 Nollaig.

**Brian Ó Domhnaill**
Tá beagnach 9,000 feirmeoirí i nDún na nGall agus ba mhaith liom íoc-aíochtaí le feirmeoirí a chothabháil a fheiceáil sa bhuiséad, go háirithe, íocaíochtaí faoin Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste, an Scéim um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta chomh maith le méadú ar íocaíochtaí faoin Scéim Leasa Diúil.

Mar an gcéanna, d'fhoilsigh Bord Iascaigh Mhara a straitéis 2010-2012 'Ag Seachadadh ar Acmhainneacht Bhia Mara na hÉireann'. Leis na spriocanna sin a bhaint amach, mar shampla ag cruthú 600 post breise in earnáil an bhia mara, caithfidh muid infheistíocht san earnáil iascaigh a choinneáil.

Tá feirmeoireachta agus iascaireachta riachtanach do chontae Dhún na nGall agus do cruthú post sa chontae.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom an Clár Intéirneachta Iarchéime Náisiúnta a fheiceáil á thabhairt thabhairt isteach le cuidiú le céimithe óga ag streachailt chun obair a fháil nó taithí oibre a fháil. Creidim go bhféadfadh sé seo a thabhairt isteach ar chostas an-bheag don Rialtas.

**Thomas Pringle**
Níor mhaith liom rud ar bith a fheiceáil i mbuiséad de chuid an rialtais seo. Tá olltoghchán de dhith go géar sula ndéanann siad níos mó dochair don tír.

**Ann Sweeney**
- Deireadh le Comhaontú Pháirc an Chrócaigh agus Quangoes
- Seirbhísí sláinte agus oideachais saor do achan duine
- Athchóiriú ar an chóras toghchánaíochta agus deireadh a chur leis na monaplachtaí bainc agus stáit
- Gluaiseacht níos láidre Comhar Creidmheasa
- Níos mó ionchur pearsanta sa rialtas ag an ghnáth-dhuine.

Glac síntiús poist le Goitse
*12 eagráin seolta chugat sa phost ar €40*



Saorthitim: Emma Ní Fhuaruisce óna hIconics ag Cabaret Dheireadh Fómhair

# Fáilte chuig tearmann an Chabaret Chraiceáilte!

Tá an tír ar fad bun os cionn, níl a fhios againn fiú cé leis í, an leis na bainceirí í nó b'fheidir gurb iad siúd a thug na hiasachtaí do na baincéirí ar leo í? Cibé dóigh a bhfuil sé, tá fir agus mná i gcultacha ag dul ó dhoras go doras ag lorg an cumhacht uainne chun iarracht éigin contae s'againne a tharraingt ar ais ón imeall. Seans gur b(h)aincéirí iad sin fosta!

Ní raibh mórán jabanna anseo nuair a bhí rudaí go maith ach le goirid tá rudaí ag dul chun donais, agus ar eagla go mbeadh duine ar bith dall air seo tá an nádúr ag déanamh comhcheilg in ár n-éadain agus tá na gaotha móra tagtha — pathetic fallacy a thugadh an máistir scoile air.

Tá fiú baitsiléar na nGael socraithe síos leis an bhean is álainne faoi chnoc agus babaí beag galánta dá gcuid fhéin acu. Tá rudaí chomh dona sin go bhfuil fealsúnaí cónaithe Theach Hiudaí Beag, ag caoineadh isteach ina chuid cáise. An é seo deireadh an domhain mar atá aithne againn orthi?

Ach ní mar a shíltear a bhítear. Tá an tArd Rí go fóill ag troid an chatha agus tá siad ag teacht ó na ceantair Gaeltachta agus ón Ghalltacht le páirt a ghlacadh i réabhlóid na nGael. Sea, tá rudaí go dona nuair atá muid ag brath ar an



Chabaret Craiceáilte le muid a choinneáil ag dul tríd na hoícheanta dorcha atá amach romhainn.

An mhí seo a chuaigh thart, bhí blas difriúil (barraíocht cáise b'fhéidir) ar an Chabaret mar go raibh sé á chraoladh beo ar RnaG mar chuid de sheachtain ceoil an chraoltóra. Bhí an Daidí Mór ag bocléimnigh thart ar fud na háite ag cuir agallaimh agus eagla ar an lucht féachana agus ar aíonna na hoíche.

I measc na gceoltóirí bhí **Na hIconics** a rinne leagán Gaeilge de *Freefalling*. Tá Emma agus Cormac ag dul ó neart go neart agus is léir gur breá leis an lucht féachana iad a fheiceáil ag teacht ar ais. Bhí muid millte go hiomlán an oíche sin mar, cé bhí in ár láthair ach **Eoin Dillon**, an píobaire clúiteach ó Kíla. Tá ráflaí ag dul thart gur bhain sé an oiread sin sult as an oíche go bhfuil sé chun an chuid eile den bhanna a thabhairt leis an chéad uair eile a bheas sé i nGaoth Dobhair. Tá sé thar am acu teacht, nach bhfuil a fhios acu gurb é seo an ait atá sé uilig ag tárlú?

Dár ndóigh bhí aíonna eile i láthair — bhí **Síle Ní Scanláin** as Conamara agus **Máire Ní Choilm** as an bhaile seo ag ceol amhrán, chomh maith le **Róise Nic Corraidh** as Béal Feirste.

Bhí an Gael mór ón tSiombáib, **Tura Arutura** ag damhsa — shílfeá go mbíonn seisean ansin chomh minic leis an bhanna tí?

Ag deireadh na hoíche, i ndiaidh do beagnach achan duine turn a dhéanamh, chuaigh **Rónán Corbett** amach ar lár an urlár le damhsa a dhéanamh ar an tsean-nós. Ní fada go raibh slua mór amuigh ar an urlár ag dul ar mire. Á, tá achan rud mar is ceart ar an Domhain…

Bhí mé ag labhairt le **Traic Ó Braonáin** an tseachtain seo a chuaigh thart agus bhí se ag inse dom go mbeidh sé ag bualadh ag an Chabaret roimh an Nollaig. Bhí cuma cineál buartha ar a aghaidh beag soineanta nuair a d'iarr sé orm caidé go díreach atá sa Chabaret Craiceáilte seo. Rinne mé meangadh beag gáire agus dúirt mé leis go raibh sé cosúil leis an bhord cáise is deise – lán le bhlaisíní beaga den chuid is fearr dár gcultúr le corr easi-single caite isteach. Ach, cosúil leis an cháis caithfidh tú bheith cúramach mar níl sé foirstineach do achan ghaile.



Croí isteach: Síle Ní Scanláin, Conamara, agus Róise Nic Corraidh, Béal Feirste








Rónán Corbett i mbun damhsa ar an sean-nós ag Cabaret Craiceáilte Dheireadh Fómhair i dTeach Hiúdaí Bhig



Ag gabháilfhoinn: Síle Ní Scanláin, Conamara, ag Cabaret na míosa seo caite



Ar an aer: Ciarán Mac Feilimidh ag casadh poirt ar an fheadóg mhór don craoladh beo a rinne Rónán Mac Aodha Bhuí ar Chabaret Dheireadh Fómhair do Raidió na Gaeltachta



Muintir Cearbhail



*Beidh na Dirty Nines ag racáil ag Cabaret Craiceáilte na Samhna*

# *Tá an tír ina phrácás ach maireann Réabhlóid Chraiceáilte an Cabaret*

Beidh an rac ghrúpa, The Dirty Nines, an sár-ghrúpa reggae/ska BRÉAG, agus sár-amhránaí Inis Oírr, Macdara Ó Conaola, i measc na gceoltóirí a bheas ar an ardán ag Cabaret Craiceáilte na míosa seo i nGaoth Dobhair.


Tá an Cabaret, ar cuireadh tús leis í mí Lúnasa 2008, ag dul ó neart go neart, agus táthar ag dréim le scaifte fíánta as achan áit sa tír i nGaoth Dobhair, De Sathairn seo, 27 Samhain.

Is é seo an tríú uair ag an ghrúpa Bréag, cuairt a thabhairt ar an Chabaret Craiceáilte, ach tá siad páirteach sa ghluaiseacht Chraiceáilte ón uair gur ghlac siad páirt san Fhéile, Craic na Samhna, sa bhliain 1993. Tá trí cheirnín eisithe acu ó shin, 'An Fhírinne, 'Gan Jah' agus 'An Peaca' a tháinig amach cúpla bliain ó shin.

Sheinn Bréag ag na Féilte Craiceáilte i Rath Cairn i 1993, 1994, 1995, agus i nGaoth Dobhair i 1997 agus 2000, chomh maith le Craic an tSamhraidh i gConamara i 1996, agus An Chamchuairt Chraiceáilte chuig Fleadh Feirste anuraidh, agus Féile Oriel, i Muineachán, i mbliana. Tá turasanna déanta acu in Albain, An Bhreatain Bheag agus Tír na mBascach fosta, ach tá dáimh ar leith acu leis an Chabaret agus na Féilte Craiceáilte mar a mhínigh Nic Saidléir ón ghrúpa : "Tá draíocht ar leith ag baint leis na ceolchoirmeacha craiceáilte, agus muid ag ceol do mhuintir s'againn féin, lucht leanúna atá dílis dúinn ón chéad lá". Tháinig BRÉAG, arbh as Gaeltacht Iarthar Bhéal Feirste dóibh, le chéile ar dtús le linn na dtrioblóidí, ag tús na nócháidí. Canann siad amhráin a phléann téamaí pholaitiúla, grá agus raithnigh, agus moltar do dhaoine a gcuid bróga búgalú a chaitheamh go bródúil mar go mbeidh neart scancáil le déanamh ag an cheolchoirm seo Tigh Hiúdaí De Sathairn seo, 27 Samhain.



*Tá an sárghrúpa reggae is ska as Béal Feirste, Bréag, ar ais i dTigh Hiúdaí Bhig do Chabaret na míosa seo.*



*Mac Dara Ó Conaola*

Tá na Dirty Nines, as Baile Átha Cliath, le chéile le cúpla bliain anuas, agus cheana féin tá an chéad áit sa chomórtas náisiúnta Rac Cheoil, Deis Rac buaite acu. Sheinn siad ag Picnic na hAibhleise, Electric Picnic na bliana seo den chéad uair, ar stáitse An Chabaret Craiceailte, sa Phuball Gaelach ansin.

Tá iomrá mór orthu sa Phríomhchathair, agus deir Cían Mac Carthaigh ón ghrúpa go bhfuil siad ag súil go mór leis an chéad chuairt seo ar Ghaeltacht Thír Chonaill. ' Seo é an céad uair roimh dúinn a beith ag seinm i dTír Chonaill. Chuala muid rudaí iontach faoi Tigh Hiudai agus an Cabaret Craiceáilte ó 'Henrietta Game' agus dá bharr sin tá muid ag súil go mór leis an cheolcoirm!' adúirt Cían. Maidir leis an tionchar ceoil atá ar na Dirty Nines, deir Cían: "Meascán do ceol rac, indie agus acoustic atá sa cheol. Bhí tionchar mór ag bannaí cosúil le Arcade Fire, Ryan Adams and the Cardinals, The Frames, Oasis agus Echo and The Bunnymen orainn".

Cosúil le go leor grúpaí eile a chas ag an Chabaret go dtí seo, canann siad i mBearla den chuid is mó de ghnáth, ach ghlac siad leis an dúshlán seit iomlán Gaelach a chur le chéile don Chabaret. Ta ceirnín úr, i mBéarla, 'Stop Screaming, Start Dreaming', leirithe ag leiritheoir na Manic Street Preachers & Super Furry Animals, Greg Haver, go direach eisithe acu agus tá léirmheasanna dearfacha faighte acu. Tá stíl ar leith acu a mheallfas lucht leanúna an-mhór ar fud na tíre, agus beidh siad ag baint croitheadh as na ballaí traidisiúnta, Tigh Hiúdaí, De Sathairn seo, 27 Samhain.

Tá Macdara Ó Conaola, as Inis Oírr, Gaeltacht na Gaillimhe, ar dhuine de na hamhránaithe óga seo, atá ag tabahirt instealladh úr do shean-amhráin na Gaeilge. Beidh Macdara, agus a chomrádaí ceoil, Camille Champarnaud, as Páras na Fraince, ag leiriú, cad chuige a raibh oiread cainte maidir leis an cheirnín 'The Love Token' a d'eisigh sé sa bhliain 2007. Deartháir é leis an amhránaí Lasairfhíona Ní Chonaola. Bíonn éileamh air ag féilte amhránaíochta agus ceoil in Éirinn agus thar lear agus beidh fáilte mhór roimhe, ag an Chabaret.

Mar is gnáth, beidh aoí-cheoltóirí eile ar an stáitse fosta, ach is fiú a lua, go mbeidh tús á chur leis an oíche, níos luaithe, ná mar a bhionn de ghnáth, ag 8.30pm, agus gealltar suas le 4 uair a chloig de cheol agus síamsaíocht ar shladmhargadh de €5.

Dean dearmad ar an phracás atá déanta ag lucht gaimbín den tír, agus bainigí sult as an réabhlóid Chraiceáilte, Tigh Hiúdaí, An Bun Beag, Gaoth Dobhair, De Sathairn seo, 27 Samhain, 8.30pm. Scaipigí an soiscéal!

# Gradaim Liteartha bronnta ar dháltaí áitiúla

Bhí scaifte mór i láthair ag Pobalscoil Ghaoth Dobhair do bhronnadh Gradaim Liteartha na Gaeltachta.

Bhain Brídín Ní Mhaoldomhnaigh as an Phobalscoil an chéad duais do dhán faoina máthair a cailleadh anuraidh.

Ní raibh Brídín ábalta bheith i láthair ag an ócáid mar bhí sí ag scannánú cláracha Ros na Rún ina bhfuair sí páirt ar na mallaibh.

Ach bhí go leor eile ann le gradaim a ghlacadh ó Aifric Mac Aodha, an file clúiteach as Baile Átha Cliath.

Cuireadh an oíche i láthair ag Áine Ní Chuirreáin as Raidió na Gaeltachta agus labhair Mícheál Mac Aoidh, oifigeach ealaíne le Ealaíon na Gaeltachta ar an obair mhór a bhí déanta ag múinteoirí Gaeilge sna meánscoileanna Gaeltachta leis an scríbhneoireacht a spreagadh sna dáltaí.

Bhí dáltaí as Pobalscoil Ghaoth Dobhair, Pobalscoil Chloch Cheannfhaola agus Pobalscoil Cholmcille ar Oileán Thoraí i measc an scaifte agus bhain Criostóir Ó Mianáin as Pobalscoil Colmcille gradam don agallamh beirte agus gradam filíochta dá dhán *Taibhreach*.


Nach maith iad uilig!



*Nóirín Ní Ghairbheith ó Phobalscoil Ghaoth Dobhair ag glacadh a gradam ó Aifric Nic Aodha.*


*Josephine de Búrca*


*Caoimhe Nic Pháidín Ní Dhomhnaill*


*Ceithlinn Ní Dhuibhir Ní Dhualacháin*


*Caitríona Ní Dhomhnaill*


*Rosie Ní Gharbheith*



*Tá oideas ag Bríd na mBuataisí a bhaineas an ghruaim de laethanta gairide an Gheimhridh*



# Blag na mBuataisí

Bhuel tá an Geimhreadh againn anois go cinnte, tá an aimsir fuar fliuch agus gruama agus is cosúil go mbeidh sí anseo ar feadh tamaill. Tá nios mó dorchdais agus níos lú solas lae againn; fán am seo den bhliain cha bhíonn mórán le déanamh ó thaobh na nglasraí de ar an fheirm. Tá na glasraí uilig istigh sa tollán tógtha againn, ach amhain na duilleoga sailéaid atá ag fás go fóill, cé nach mbíonn mórán fonn orainn sailéad a ithe nuair a bhíonn na laetha fuar agus gruama. Rinne muid a léir anlainn as na trátaí agus tá siad seo sa reoiteoir, tá na pónairí agus píseanna sa reoiteoir fosta. Ta seatnaíthe agus picilí déanta againn fosta leis na cúirséid, cúcamair agus trataí. Mar sin, cé nach bhfuil mórán glasraí ag fás sa tollán, tá glasraí leasaithe againn fá choinne an gheimhridh.

Tá na glasraí a bhí ag fás amuigh taobh amuigh tógta againn fosta. Tá na prátaí, oiniúin agus gairleog ar storais againn; arís beidh muid ábalta iad seo a bheith againn fríd an Gheimhreadh. Mar sin, leis an tollán folamh agus na pairceanna lom níl mórán le déanamh ó thaobh na nglasraí de ach tá an talamh le déanamh réidh fá choinne an Earraigh agus na glasraí úra a bheas le cur. Faoi láthair tá muid ag meascadh aoiligh agus feamainne isteach fríd an chreafóg. Nuair a thiocfas an t-Earrach beidh sé briste síos go maith fríd an chreafóg. Rud amháin a d'foghlaim muid ón bhliain seo nó a bheith cúramach gan barraíocht leasa a chur sa talamh, mar i mbliana ní raibh an chreafóg ina raibh na trátaí curtha ann milteannach fóirsteanach do na trátaí, agus caithfidh muid súil a choinneáil air sin an bhlian seo chugainn agus gaineamh a mheascadh fríd an chreafóg chun níos mó draenála a bheith ann.

Seo am maith den bhliain le crainn torthaí a chur agus faoi láthair tá muid ag amharc fríd chatalóg síolta Seed Savers. Seo comhlacht Éireannach atá dírithe isteach ar a bheith ag díol síolta agus crainn dúchasacha na hÉireann, agus mar sin de ma fhásann muid na plandaí seo, bíonn a fhios againn go bhfuil siad dúchasach don tír agus do aeráid na tire seo.

Idir seo agus mí Eanair am maith den bhlian le gairleoig a chur agus tá muid ag déanamh réidh an talamh fá choinne na bleibe a chur gan mhoill. Cheannaigh muid isteach chóir a bheith céad Euro de luach gairleoige i mbliana agus mar sin caithfidh muid déanamh cinnte go bhfuil gach rud déanta mar is ceart chun iad a fhás go maith.

B'fhéidir go bhfuil moill ar fhás na nglasraí fán am seo den bhliain ach tá na hainmhithe ag fás leo. An rud is measa nó go mbíonn droch-thalamh thart ar áit ar bith a mbíonn na muca ina gcónaí. Leis an aimsir fhliuch, bíonn clábar agus an talamh fliuch báite. Níl mórán réiteach ar an fhadhb seo, tá an rogha againn na muca a thabhairt isteach go dtí na stablaí fríd an aimsir olc ach bíonn fadhb leis sin fosta. Éiríonn cosa s'acu nimhneach ag siúl ar an coincréid agus mar sin fágann muid amuigh fríd na páirceanna iad. Bíonn cuma níos sásta orthu amuigh, is cosúil nach gcuireann an droch aimsir isteach orthu.



*Seo am mhaith den bhlian le gairleoig a chur*



## Anraith Puimcín Imchnó

Tá a fhios ag achan duine gurb é seo an t-am den bhliain nuair a itheann muid níos mó anraithe agus stobhach. Bia compórdach atá san seórt cócaireacht seo. Seo anois oideas do ceann do na béiltí is fear liom fán am seo den bhliain.

**2 puimcín inchnó, craicinn díofa, siolta glanta amach agus an puimcín gearrtha ina gciúbanna**

**2 práta, craicinn diofa, iad gearrtha ina gciúbanna**

**2 oiniún, craicinn diofa mionghearrtha**

**2 ionga gairleoige mionghearrtha**

**Píosa sinséara, thart fá saghas do ordóg, mionghearrtha no grátáilte**

**Cillí amhain síolta glanta de agus é mionghearrtha**

**Spúnog tae garam masala**

**Spúnog tae turmeric**



**Go leor stoc glasraí nó sicín leis na glasraí a chlúdach**

**Ola olóige**

**Uachtar no iogart**

Téigh an ola olóige i bpota mór.

Cuir na h-oiniúin, gairleoig, sinséar agus cillí sa phota agus frioch iad go bog ar feadh cúpla bomaite. Cuir isteach an garam masala agus an turmeric, frioch ar feadh bomaite eile.

Ansin cuir isteach na prátaí agus na puimcíní imchnó, measc thart iad go mbeidh said clúdaithe leis na comhábhar eile, sauté iad ar feadh cúpla bomaite.

Ansin cuir isteach an stoc go dtí go mbíonn na comhábhar uilig clúdaithe

Lig dó suanbhurith go dtí go mbíonn na puimcíní deas bóg

Blitzeal an anraith le próiseálaí bia

Thig leat braon uachtar no iogurt a chur ar an anraith agus sin é reidh le seirbhéail

*–Bee na mBuatais*

## Sna Réalta

### An tUisceadóir
Eanáir 21 - Feabhra 19

Titeann rudaí as a cheile.
Ná lig do dhaoine an milléan a chur ortsa i gcónaí.
Fiú má tá sé de cheart acu agus gur tusa atá ciontach.

### An tIasc
Feabhra 20 - Márta 20

Ní seo am maith duitse comhairle a ghlacadh. Mar sin níor chóir cluas a thabhairt do mholadh do chomrádaithe. Ach déan do rogha féin.

### An Reithe
Márta 21 - Aibreán 20

Bhál a Reithe, tá gach seans go dtiocfaidh an spiorad naomh ort lá den mhí seo. Ach muna gcreideann tú ina leithéid ní dhéanfaidh seo maitheas ar bith duit —
A mhalairt — cuirfidh sé corraí ort!

### An Tarbh
Aibreán 21 - Bealtaine 21

Le gairid tá tusa ag machnamh barraíocht ar ghnóthaí an tsaoil seo. Tá tú curtha trí chéile ag seo. B'fhéidir go bhfuil faoiseamh uait. Dírigh níos mó ar an chraic.

### An Cúpla
Bealtaine 22 - Meitheamh 21

Beidh brionglóid fíor aisteach agat ceann de na hoicheanta seo chugainn. Cuirfidh sé iontas ort ach coinnigh agat féin é muna bhfuil tú ag iarriadh bheith id' ábhar magaidh ag do chairde.

### An Portán
Meitheamh 22 - Iúil 22

Seachain nuacht ar bith ar feadh cúpla seachtain. Ná léigh na páipéir agus ná bac leis an raidió. Ar mhaithe le do chiall. Beidh seo mar saoire ag do intinn bocht.

### An Leon
Iúil 23 - Lúnasa 23

Ba chóir duit do réim bia a leathnú píosa. Go háirithe iarracht a dhéanamh I bhfad níos mó tornapaí a ithe. Agus b'fheidir in áit tae, seiris a ghlacadh anois is arís.

### An Mhaighdean
Lúnasa 24 - Meán Fómhair 22

Thar rud ar bith eile, bí cínnte go n-imríonn tú an lotto. Nó má tá sé de nós agat caith am sa geallghlacadóir. De réir na gcomharthai beidh an t-ádh dearg ort lá de na laethanta seo.

### An Mheá
Meán Fómhair 23 - Deir. Fómhair 23

Cé gur eol do do chomraidaithe go bhfuil do dhóigheanna beaga corra agat, le tréimhse, measann said go bhfuil tú ag dul thar fóir. Cáidé do bharúil féin?

### An Scairp
Deireadh Fómhair 24 - Samhain 22

An bhfuil locht ar do chóras?
Roimh deireadh na míosa tiocfaidh modh oibre ceart chugat i mbrionglóid.
Bí réidh chun é a chur i bhfeidhm láithreach.

### An Saighdeoir
Samhain 23 - Nollaig 21

Tá tusa brúite le leadrán an tsaoil. Ní mór duit tú féin a chroitheadh as an spadántacht. Caitheamh aimsire uait b'fheidir. Bhí deá-phlean agat tamall ó shin má chuimhníonn tú air.

### An Gabhar
Nollaig 22 - Eanáir 20

Tá an tsaint ionat go smior agus tiocfaidh seo chun solais gan mhoill. Nochtfar an tréith do chara áirithe agus seans go ndéanfaidh said athbhreithiúnas ar bhur gcaidreamh.




An Ghaeilge – The Irish Language | Foghlaim – Learning | Úsáid – Using | Eolaire – Directory | Foras na Gaeilge – Foras na Gaeilge

*Ní gá dul amú a thuilleadh. Tá bealach glan romhat. Pé eolas atá uait faoin nGaeilge agus a mbaineann léi, éascóidh **www.gaeilge.ie** do thuras.*

*Féach go speisialta inneall fógraíochta NASC, áit gur féidir leat:*
- *cúrsa/ imeacht a fhógairt nó a iarraidh,*
- *do shainspéis a chlárú (chun nod a fháil nuair a bhíonn eolas nua faoi ar an suíomh), nó*
- *a bhfuil ar fáil i do cheantar féin a chuartú.*

*Tabhair cuairt agus glac páirt sa Chíbear-ghaeltacht inniu!*

No roundabouts here. Let the information superhighway take you where you want to go with the Irish language. Just log on to www.gaeilge.ie for the quickest route to the information you need.

Check out the NASC classified ads where you can:
- post an ad to request or advertise a course/ event,
- register your area of interest to get alerts when new info is posted, or
- search for what's available in your neighbourhood. And much more.

It's never been easier to connect with the Cyber-gaeltacht!

do nasc leis an teanga gaeilge.ie your link to the language

Foras na Gaeilge

T: 1850 325 325 / 0845 309 8142 (T.É.) R: eolas@forasnagaeilge.ie




# Focla Mhicí

*Bíonn Micí Whiting Mac Aodha ina aoi rialta ar an chlár* Rónán beo@3 *ar Raidió na Gaeltachta gach tráthnóna Dé Máirt. Tá muid buíoch do Mhicí, do Rónán agus do fhoireann Raidió na Gaeltachta as cead na focla seo a chur i gcló.*

**Dúlaí:** Duine iontach dúlaí … duine nach bhfuil cairdiúil.

**Uill:** na cruaiche … dá mbeifeá ag tógáil chruach mónadh … ciorcal na cruaiche

**Croíúil:** duine iontach cairdiúil bríomhar

**Seascair:** bhí an leaba iontach seascair . . . iontach socúlach . . . chuir se ar a sheascair iad . . . ar a gcompórd

**Seascánach:** dá mbeifeá thuas ar phortach , áit iontach bog … agus rachfá in abar ann go furast

**Seibhinnigh:** dá mbeifeá ag plánáil adhmaid … an rud a thitfeadh anuas ar an talamh … "shaving" í mBéarla

**Iomlú:** dá mbeadh comhartha gaoithe sa spéir … tá iomlú gaoithe sa spéir … na scamaill ag dul ar mire go gasta …

**Sróidíní** – dá mbeifeá ag croch-adh iasc, agus ag cur corda frid an iasc lena thriomú … sróidin a thabharfá ar na héisc uilig ag triomú le chéile ar chorda.

**Cruibheáin**: duine a bhfuil lámha iontach beaga air … tá na cruibheáin air,

**Aimreidiú** – sterislation

**Ruamhic:** dealg bheag thíos í lar an duáin … an rud a choinneós an tiasc ar an duán

**Glogarnaigh:** dá mbeadh do dhá bhróg lán uisce, bheadh glogarnach sna bróga

**Cotú:** níl cotú air agus níl meatú air … is cuma caidé a dhéanfadh sé, thiocfadh leis siúl leis go dána fríd an tsaol

**Croimghlinneach:** duine a bhfuil cruit ar a dhroim




## Dorn san Aer!

**Bhí an-tóir ar léinte úra Rónán Beo nuair a seoladh iad le linn craoladh beo an chláir ar Raidió na Gaeltachta ag Oireachtas na Gaeilge i gCill Áirne. Tá deis anois ag léitheoirí Ghoitse a T-léinte féin a bhaint! Níl le déanamh ach teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig goitsenuacht@gmail.com le go gcuirfidh san áireamh sa chrannchur tú!**




## *Ar mhaith leat síntiús a ghlacadh le Goitse?*

*Seol ríomhphost chuig **goitsenuacht@gmail.com** agus cuirfear an t-eolas ar fad chugat.*

**Goitse**

Ar fáil ó do shiopa áitiúil

# Samsál, súgrú is féasta feamainne



## An Naoscach

**le Nóra Chit**

Tháinig an focal *samsál* aníos sa chomhrá idir na hamhráin, ag an oíche mhór-cheoil i dteach Hiúdaí Bhig ar an Chéadaoin, díreach in am le bheith réidh do chuairt ó cheann ar bith de na hiarrthóirí. Cuir an dubh ina bhán orm uair amháin agus mo náire thú. Cuir an dubh ina bhán orm an darna huair, agus mo náire mé féin. Bíodh muid réidh le gan glacadh le samsál ar bith ag an doras. Níl a dhath eile le cluinstin ón rialtas ar na meáin. Mar shampla amháin, tá Éamonn Ó Cuív ag maíomh gur cuireadh gym ar fáil i mbliana do Phobalscoil Ghaoth Dobhair. Go deimhin, a Éamoinn, ach bhí an scoil i dteideal é a fháil ó 1987. Le 25 bliana tá an scoil ag troid ar a shon. Ní raibh an neamart a bhí siad ag déanamh ar dhaoine óga an Iar-thuaiscirt ag cur mórán buairimh ar an rialtas idir an dá linn.

Ach caithfidh muid a bheith ag súil ar a laghad go dtiocfaidh athnuachan as an ghéarchéim thubaisteach seo. Cheana féin tá céim bheag amháin sios-maideach glactha ag an Aire Dlí agus Cirt: thug sé ar bhreithimh smaointiú ar sheirbhís phobail (CSOs) a ghearradh mar phionós i gcásanna go mbeadh an gnáth-phíonós thart ar 6 mhí sa phríosún. Dar leis, sábhálfar 17 milliúin euro sa bhliain — ach níos tabhachtaí, de réir taighde, beidh sé níos éifeachtaí le mion-choirpigh a sheoladh ar bhealach a leasa, agus rachaidh sé chun tairbhe an phobail fosta.


I ndiaidh an cur-amú agus an neamairt agus an caimiléarachta a scrios an tír, tá cúpla rud maith fágtha ó ré an Tíogair Ceiltigh. Tá tithíocht níos fearr — ach ó thaobh tithe de, má ghlactar seilbh orthu anois, nuair nach féidir na morgáistí oll-mhóra a bhrúigh na bainc ar dhaoine a aisíoc, ba chóir, ar a laghad, go gcuirfidh an rialtas iacall ar na bainc chéanna na tithe sin a ligint ar ais do na daoine a chaill seilbh orthu ar chíos réasúnach. Agus ag trácht ar na bainc, iad siúd a scrios eacnamaíocht na tíre, agus atá á sábháil lenár gcuid airgid — nár chóir iad a chur le céile in aon bhanc amháin agus é sin a náisiúniú agus cosc a chur láithreach ar phá ró-ard do lucht a riaracháin?

Má fágtar rogha ar bith againn, caithfidh muid iarracht a dhéanamh a chinntiú nach laghdófar ar infheistiú in oideachas ná i gcruthúnas postanna. Sé pobal oilte cruthaíoch fiontrach a shábhálfas an tír. Nach deas a fheiceáil comh maith agus atá ag éirí le Súgrú, an comhlucht a bhunaigh céimí óg den NCAD ar na moillibh. Ceannaigh seo ar an idirlíon, is ábhar é atá de dhith in achan teach: ealaíon, cruthaíocht eólaíocht agus fiontar ag teacht le céile. Agus is tré oiliúint amháin a thig déileáil le fadhbanna drugaí agus na tinnis so-sheachanta a chuireann oiread brú ar sheirbhísí slándála, dlí, agus sláinte. Agus thar aon ní eile tá réamhscolaíocht agus breis áiseanna de dhíth ar pháistí ó chúlra mí-bhuntáistithe le go mbeidh a dtalainn ar fáil mar bhuntáiste don tír in áit a mhalairt de scéal ar fad. Caithfidh an meán-aicme agus iad siúd ag an barr cuid dá bpribhléidí a thabhairt suas le tír níos cothroma a dhéanamh.

Athrú poirt ar fad anois: fágfaidh mé na hábhair ghruama seo mar seans go bhfuil cibé tionchar atá againn orthu ag sleamhnú amach as ár lámha agus mé ag scríobh. Léigh mé dhá leabhar tábh-achtacha le gairid: *Vegetables for the Irish Garden* le Klaus Laitenberger, atá ag fás glasraí sa taobh seo tíre le 20 bliain. Tá sé le fáil ó www.cultivate.ie nó www.theorganiccentre.ie agus níl leabhar ar bith níos praiticiúla nó níos foirstiní dúinne anseo le fáil. Molann sé 6 nó 7 órlach de feamainn a chur anois ar leabaí atá in úsáid cheana féin agus beidh siad réidh don Earrach gan stró.

Sé an darna leabhair ná *Irish Seaweed Kitchen* leis an dochtúir Prannie Rhatigan ón Iar-thuaisceart fosta. Tá taighde déanta ar an fheamainn mar bhia a léiríonn a cumas agus a héifeacht le córas cosanta an choirp a neartú in éadan tinnis mar ailse, vírais, scoltacha agus eile. Tá an leabhar lán eolais fá na cineálacha feamnach a thig ithe, agus na háiteacha a gheo-bhaidh tú iad ar an chladach. Agus ar ndóigh tá siad ar fáil réamh-ullmhaithe sna siopaí ag an comhlucht a bhunaigh Manus McGonigle ar an Chloch Ghlas, Ailt a' Chorráin, Quality Sea Veg, atá ag obair leis an nádúr,agus ag tapú ar cheann de na deiseanna atá againn sa taobh seo tíre. Bullaí fir! Tá leabhar Prannie Rhatigan lán oidis do mhiasanna blasta. Mar adeir sí, "Is taisce beo ar an chladach an fheamainn — níos luachmhaire ar fad ná ór".

**Nóra Chit**




***Feamainn sa chistin:** Leabhar úr leis an Dr Prannie Rhatigan atá lán eolais fá na cineálacha feamnach a thig ithe, agus na háiteacha a gheobhaidh tú iad ar an chladach.*

### Siopa Carthanachta

An Uaimh – Siopa Pobail (Charity Shop) - Oscailte Dé Luain – Dé hAoine 10 a.m. – 5 p.m. Bargains go leor! Fáilte romhaibh. Ionad Naomh Pádraig, Dobhar

### Cúrsaí

**Ionad Naomh Pádraig**

Tá na cúrsaí seo a leanas ag toiseacht gan mhoill, tuilleadh eolais le fáil ó Mháire ag 074 9532949.

- **Photoshop**
- **Bun Chúrsa Ríomhaireachta Fetac Leibhéal 3,**
- **Cúrsa**
- **Ceardaíochta na Nollag**

*Tá an cúrsaí seo páirt-mhaoinithe ag Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall.*

*Cúrsa Photoshop – ag toiseacht gan mhoill, má tá suim agat sa chúrsa seo cuir scairt ar Mháire ag 074 9532949.*




### Gnólachtaí áitiúla

An bhfuil tú i mbun gnó? Ar mhaith leat breis poiblíochta? Beidh lá oscailte á reáchtáil in Ionad Naomh Pádraig chun deis a thabhairt do lucht gnó iad fhéin agus a gcuid táirgí a chur chun cinn. Bí linn agus ghlac seastán ar an 27 Samhain, 12 – 5 i.n. le do ghnó a chur i mbéal an phobail. Beidh comhairleoirí gnó, fostaíochta agus airgid i láthair ar an lá .

### Aonach na Nollag

Ceardaíochta/Aonach Leabhar & Daidí na Nollag – 5 Nollag – Le tábla a chur in áirithe, cur scáirt ar Mháire ag 074 9532949.

### Ócáidí Shóisialta

Dinnéar & Damhsa na Nollag Beidh Dinnéar is Damhsa mór ar siúl in Ionad Naomh Pádraig ar an 11 Nollag, Oíche mhaith geallta do idir óg agus aosta. Ticéidí ar fáil ar chostas de €15 an ceann. Cuir glaoch ar Mháire le ticéid a chur in áirithe ag 074 9532949.

### Fógraí Pobail

***Más mian leat poiblíocht a dhéanamh ar ócáid pobail déan teagmháil le goitsenuacht@gmail.com***

***Más mian leat seaneagráin de Ghoitse a cheannacht déan teagmháil le goitsenuacht@gmail.com***





**Busanna Uí Ghallchóir**
**Patrick Gallagher Coaches**
***Seirbhís laethúil idir Anagaire agus Béal Feirste***




*info@gallagherscoaches.com*
*00353 (0)74 9531107*
*00353 (0) 87 2330888 / 2245848*
*Fax: 00353 (0)74 9532873*
***www.gallagherscoaches.com***

**Glac fógra le**
**Goitse**
***Rátaí fograíochta an-réasúnta ar fáil ach teagmháil a dhéanamh linn ag goitsenuacht@gmail.com***
**Tacaigh le do nuachtán áitiúil!**

# Doimnic agus Griogair ag ceol gaulainn le gualainn

Sheol an an t-amhránaí sean-nóis as Gort an Choirce, Lillis Ó Laoire, an dlúthdhiosca úr *Guaillibh A' Chéile* ag ócáid i dTeach Hiúdaí Beag ar na mallaibh. Rogha amhráin as Éirinn agus Albain ceolta ag Doimnic Mac Giolla Bhríde agus Griogair Labhruidh, atá ar an diosca.

Ceiliúradh ceoil atá sa diosca ar an cheangal Ghaelach idir Éirinn agus Albain.

As an Charraic do Dhoimnic agus is as tuaisceart Earra-Ghàidheal in Albain do Ghriogair.

Tá fáil ar an dlúthdhiosca sna siopaí áitiúla agus ón suíomh www.doimnic.com.


Tá cóipeanna den diosca le baint ar lch 5 den eagrán seo.




***Ar ghuaillí a chéile:*** *Doimnic Mac Giolla Bhríde agus Griogair Labhruidh ag seoladh a ndiosca úr.* Grianghraf: Tomás Curran



*Doimnic Mac Giolla Bhríde i gcuideachta a dheartháir Eoghan, a dheirfiúr, Marina, a athair, Doimnic agus a mháthair, Nellie, ag seoladh an diosca Guaillibh a' Chéile.* Grianghraf: Tomás Curran



*Lillis Ó Laoire ag seoladh dlúthdhiosca Dhoimnic agus Ghriogair.* Grianghraf: Tomás Curran



*Edel Ní Chorráin, Seosaimhín Nic Eachaidh, Éabha Ní Mhonacháin, Máire Ní Mhonacháin agus Fiona Nic Corraidh ag seoladh an diosca úr Guaillibh a' Chéile.* Grianghraf: Tomás Curran



*Gearóid agus Ann Uí Mhaonaigh i gcuideachta Teresa Kavanagh ag seoladh an diosca Guaillibh a' Chéile.* Grianghraf: Tomás Curran

**Tá deis ag léitheoirí Ghoitse cóipeanna den diosca Guaillibh a' Chéile a bhaint sa chomórtas ar lch 5**



*Carmel Ní Bhriain*



*Charlie Whoriskey agus a iníon Emma ag an seoladh.*







# *Plúr na mBan*

Tá Bantracht na Tuaithe céad bliain d'aois i mbliana agus, cé nach bhfuil mórán iomrá anois ar an eagraíocht, bhí an t-am ann, go h-áirithe sna 40í agus sna 50í, go raibh sí iontach tábhachtach sa cheantar seo.

San am sin, ní raibh mórán de rogha ag mná faoin tuath ó thaobh saoil sóisialta de, taobh amuigh den áirneáil.

Ní raibh fáilte rompu sna tithe leanna agus ba bheag eile a bhí le déanamh acu taobh amuigh dá teach féin.

Glacadh an pictiúr seo sna 60í nuair a chuaigh cuid de na mná as Craobh Ghaoth Dobhair den Bhantracht ar cuairt go dtí an bácús i mBaile na nGallóglach.

Ba mhaith linn fáil amach ónár léitheoirí cé hiad na mná atá sa ghrianghraf.

Tuigimid go bhfuil cuid acu siúd atá sa ghrianghraf marbh ach tá go leor acu beo leo go fóill agus ba mhaith linn sibh scríobh isteach chugainn ag goitsenuacht@gmail.com

# Fáinleogaí *le Máire Wren*

Níl radharc níos fearr tráthnóna samhraidh,
's an ghrian ag dul ó sholas
ná scáthchruth na bhfáinleog
le spriolladh iontu
ag cúbadh 's ag tumadh
's ag fáinneáil san aer eadarbhuas
Iad chomh tapaidh leis an ghaoth
's chomh healaíonta le buíon damhsóirí.

In airde sna creataí i mbóitheach na mónadh
tá nead na bhfáinleog
Mar a bhí anuraidh agus leis na blianta
Amach leo le lán luais
A ruible gabhlánacha ag gearradh na gaoithe
's tá imeagla orm roimh an lá
a bhfuadóidh gaoth an fhómhair léithe
go críocha ciana iad.

B'fhéidir gur ár mealladh atá siad
's nach bhfágann siad ar chor ar bith?
Ach go dtéann siad i gcruth dofheicthe
go staid idir beatha agus bás,
Is go ndéantar sofheicthe ag tús an tsamhraidh
arís iad!
An feothan gaoithe a bhuaileann go tobann
tráthnóna geimhridh thú,
b'fhéidir nach bhfuil ann ach damhsa ciúin na
bhfáinleog
's iad ag eitilt fá na cuibhrinn ar chúl an tí.

**Fáiltíonn Goitse roimh scéalta nuachta, grianghraif agus scríbhneoireacht chruthaitheach ón phobal.**
**Is féidir teagmháil a dhéanamh linn ag goitsenuacht@gmail.com**

# Spórt

goitsenuacht@gmail.com



# Áislann úr spóirt do phobal an cheantair

*Le cúig bhliain déag anuas tá dáltaí agus tuismitheoirí Phobalscoil Ghaoth Dobhair i mbun feachtais le háislann spóirt a thógáil. Tá €100,000 bailithe go háitiúil don chiste tógála agus ní fada anois go mbeidh toradh ar a gcuid iarrachtaí a bheas mar acmhainn ag pobail na háite.*

Beidh lucht spóirt sa cheantar seo iontach sásta nuair a fheiceann siad an obair tógála atá ag dul ar aghaidh ag Pobalscoil Ghaoth Dobhair.

Thoisigh na conraitheoirí ar halla úr spóirt ar na mallaibh agus tá an fráma le feiceáil ag éirí níos mó in aghaidh an lae as cuid mhaith de Ghaoth Dobhair.

Ar ndóigh, ní inné ná inniu atá dáltaí agus tuismitheoirí na Pobalscoile ag iarraidh a leithéid de halla spóirt. Tá feachtas ag dul ar aghaidh le 15 bliain agus bhí na dáltaí le feiceáil ag na mórshiúlta ar Lá Fhéile Pádraig ag iarraidh a gcás a chur i mbéal an phobail. Ach tháinig a lá fá dheireadh thiar thall agus tá an obair toisithe anois.

Dúirt Noel Ó Gallchóir, príomh-oide na Pobalscoile, go raibh lúcháir air go raibh tús curtha leis an obair tógála agus go raibh spriocdháta ann do mhí Meithimh leis an obair a chríochnú agus go mbeadh sé réidh don scoilbhliain úr i Meán Fómhair 2011.

Mar chomhartha ar an dóigh a bhfuil rudaí ag gabháil ar an aimsir seo, dhearbhaigh Ó Gallchóir gurbh é €1,080,000 an chéad mheastachán a fuair siad don obair ach sa deireadh nach gcosnóidh sé ach €700,000.

Fuair an Phobalscoil maoiniú don tionscnamh ó Roinn an Oideachais agus ó Údarás na Gaeltachta ach, ag déanamh go mbeadh siad ag déileáil leis an mheastachán níos airde, bhí €100,000 bailithe acu ó thuismitheoirí agus ón phobal le cur isteach sa chiste tógála.

Beidh an t-airgead sin ar fáil don scoil anois do rudaí eile.

Fógraíodh fosta le goirid go bhfuil maoiniú €180,000 faighte ag an scoil le seomraí breise a thógáil.

Istigh leis an deontas a fuair siad leis an halla spóirt a thógáil, tá €60,000 le treallamh aclaíochta a cheannacht.

Ar ndóigh, tá na hacmhainní atá ag an Phobalscoil cheana féin, ar nós na páirceanna imeartha, ar fáil ag na cumainn spóirt éagsúla sa cheantar agus dhearbhaigh Ó Gallchóir go raibh dóchas aige go mbeadh an halla spóirt ar fáil fosta ag na cumainn sin nuair nach raibh sé in úsáid ag an scoil í féin.

Beidh sin ina ábhair lúcháir do na clubanna gan dabht, mar beidh áit ar dóigh acu le foirne a thraenáil agus an treallamh uilig ar fáil acu.

***Seol do chuid scéalta spórt agus grianghraif chuig goitsenuacht@gmail.com***

